




# Tuarascáil an Uachtaráin 2013–14









## TRAIDISIÚN AN tSAORMHACHNAIMH

**UCC**

**University College Cork, Ireland**
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22











# FÁILTE CHUIG TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN 2013–14

Achoimre fheidhmeach ar fhíricí agus ar fhigiúirí tábhachtacha agus ar fhorbairtí suntasacha i saol na hOllscoile i rith na bliana acadúla 2013/14 atá sa tuarascáil seo. Tréimhse ba ea í ina ndearna Coláiste na hOllscoile Corcaigh forás leanúnach inbhuanaithe.

Pobal foghlama is ea sinn thar aon ní eile. Cuireadh tús sa bhliain 2013/14 le roinnt príomhfhorbairtí acadúla a chuireann bonn tacúil ar fáil d'fhorbairtí leanúnacha ar chaigheán an teagaisc agus an eispéiris foghlama i COC. Cuirfear tús le togra uaillmhianach nua an tseimeastrúcháin do 2014/15 agus déanfar um 4,000 modúl a aistriú chuig struchtúr nua don bhliain acadúil nua. Anuas air sin, sheol COC tacar píolótach cúrsaí ar líne a dhéanfaidh cúrsaí a sheachadadh ina gcúrsaí foghlama cumaisc d'fhonn freastal ar riachtanais mac léinn na linne seo.


Chothaigh COC cur chuige iomlánaíoch riamh i leith fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil ár gcuid mac léinn. Geallann ráiteas misin nua, a chuireann bonn faoi iarrachtaí comhghleacaithe ar cás leo cur le turas na mac léinn i COC, go ndéanfar: "éascaíocht d'eispéireas den chéadscoth ar chaighdeán domhanda a chur ar fáil do mhic léinn lena dtabharfar an chumhacht agus an tacaíocht do mhic léinn uile COC a gcuid spriocanna a bhaint amach." Na cúig théama is bonn don chur chuige seo – cur le for-rochtain agus le haistriú chuig an ollscoil; éascaíocht a dhéanamh don rannpháirtíocht i saol na mac léinn; tacú le mic léinn a choinneáil, lena gconair tríd an olscoil agus lena rathúlacht; tacú le sláinte agus le folláine na mac léinn; agus tacú leis an aistriú chuig saol na hoibre agus chuig staidéar breise – cinnteoidh siad go mbeidh caighdeán eispéireas na mac léinn i COC fós i measc na gceann is fearr ar domhan.

Tugann drochstaid leanúnach an airgeadais phoiblí dúshlán eagraíochtaí ar fud na hearnála Ard-Oideachais in Éirinn, agus tá COC ag leanúint uirthi ag leagan béime ar fhoinsí neamh-Státchiste a aimsiú mar chúiteamh air si. Is gníomhaíocht straitéiseach ríthábhachtach i gcónaí é an t-idirnáisiúnú, mar aon le cur leis an soláthar cúrsaí d'fhonn mic léinn iarchéime agus daoine gairmiúla a mhealladh a bhfuil spéis acu san fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Cinntíonn tograí a dtugann an Oifig Taighde agus Nuálaíochta tacaíocht dóibh go gcothaíonn COC an cháil atá uirthi mar ollscoil taighde-lárnach atá iomaíoch go hidirnáisiúnta.

Táimid thar a bheith bródúil as áilleacht agus as cáilmheas timpeallachta an champais láir, agus tá an clár caipitil faoi lánseol. Tá roinnt mórthograí tógála ar bun againn, cuir i gcás Foirgnimh Beaufort agus an Gheata Thiar, ASSERT agus Foirgneamh Eolaíochta Sláinte Brookfield mar aon le Lárionad Mac Léinn a chruthóidh spás comhtháite do sheirbhísí na mac léinn d'fhoirgneamh stairiúil Windle. Freastalóidh na tograí sin, i dteannta tograí caipitiúla eile, ar fiú €100 milliún iad, ar phobal síormhéadaithe na mac léinn agus ar an bpobal taighde agus nuálaíochta.

Is fada buan traidisiún an tsaormhachnaimh i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus is mór againn é sin. Is iad pobal na hOllscoile atá i gcroílár an ráitis sin i ndáiríre. Ba mhian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le pobal uile na mac léinn, na mball foirne, an údaráis rialála, alumni agus na gcomhpháirtithe seachtracha a oibríonn i gcomhar lena cheile chun timpeallacht a chruthú inar féidir leis an aos óg lánleas a bhaint as a gcumas agus as a dtallainn.

Tá eolas breise le fáil ar **www.ucc.ie**



Michael B. Murphy
An tUachtarán, Ollscoil na hÉireann Corcaigh

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 3 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 4 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 5 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 7 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 13 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 17 |
| TOGRAÍ CAIPITIÚLA | 18 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 20 |
| AIRGEADAS | 21 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 | 22 |








# Spléachadh ar COC

## Líon na Mac Léinn 2013/14

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na Mac Léinn Cláraithe | 20,557 |
| Fochéimithe Lánaimseartha | 12,265 |
| Fochéimithe Páirtaimseartha | 204 |
| Cianfhoghlaim | 127 |
| Iarchéimithe | 3,917 |
| PhD Taighde | 1,149 |
| Máistreachtaí Taighde | 120 |
| Mic Léinn Aibí Lánaimseartha | 1,190 |
| Mic Léinn Idirnáisiúnta | 3,448 |
| Mic Léinn Cláraithe atá faoi mhíchumas | 1,020 |

Bronnadh céim ar an líon is mó mac léinn riamh, 6,928, in 2014, méadú 12% ar 2013. Seo a leanas an miondealú de réir coláiste:

- Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta: **1,888**
- Coláiste an Ghnó agus an Dlí: **1,228**
- Coláiste an Leighis agus na Sláinte: **900**
- Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia: **1,196**
- Oideachas Leanúnach Aosach **1,679**

Iarratais CAO 2014: Luaigh 6,278 mac léinn COC mar chéadrogha ar a bhfoirm iarratais CAO 2014, ar méadú 5% é sin ar CAO 2013 (athrú intinne san áireamh).

Sa bhliain 2013–14, leis, roghnaigh líon níos mó mac léinn ardchumais freastal ar COC, arb ionann iad agus 17% den líon iomlán náisiúnta.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22












# Forléargas Airgeadais

## Maoiniú ar Thaighde (Euro) 2013-14

| | |
|---|---|
| **MAOINIÚ ÓN STÁTCHISTE** | |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 2,446,137 |
| Fiontraíocht Éireann | 7,988,125 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 2,497,675 |
| An Bord Taighde Sláinte | 5,043,409 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 26,639,107 |
| Maoiniú eile ón Státchiste | 13,379,493 |
| **MAOINIÚ NEAMH-STÁTCHISTE** | |
| An tAontas Eorpach | 13,319,603 |
| Tionscal | 7,089,053 |
| Ilchineálach | 5,536,690 |
| **Maoiniú Iomlán ar Thaighde** | **83,939,292** |

## Achoimre ar Ioncam 2013–2014

| | |
|---|---|
| Deontais Stáit | €46.6m |
| Táillí Mac Léinn | €119.6m |
| Taighde | €83.9m |
| Ioncam Eile | €20.7m |
| **Ioncam Iomlán** | **€270.8m** |

## Rangú Domhanda

| RANGÚ DOMHANDA COC | 2014 |
|---|---|
| Rangú Leiden | 175 |
| Rangú QS | 230 |
| Rangú Times Higher | 299 |
| Rangú UI Green Metric | 2 |
| Rangú Shanghai Jiao Tong | 401-500 |

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22










# Forbairtí Acadúla

## Príomhcheapacháin

- An tOll. John O'Halloran (Leas-Uachtarán um Theagasc agus Foghlaim)
- An tOll. Jacqueline Sheehan (Ceann Scoil Léann na hÁise)
- Declan Kidney (An Stiúrthóir Spóirt)
- Athnuachan an Oll. Ursula Kilkelly (Ceann Scoil an Ghnó agus an Dlí)

## Seimeastrú 2014/15

Cuireadh tús sa bhliain 2013-14 le togra seimeastrúcháin lena dtabharfaidh COC isteach curaclam nua don bhliain acadúil 2014-15. Cuid thábhachtach d'fhorbairt agus d'fheabhsú leanúnach ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama i COC is ea an córas seo. Togra mór um bainistiú athruithe atá ann lena n-aistreofar 4,000 modúl chuig struchtúr nua bliana acadúla. Is iad príomhghnéithe an chórais nua:

- Is féidir modúil a theagasc ina n-iomláine agus a mheas go foirmiúil i dtréimhse amháin teagaisc
- 2 thréimhse teagaisc x 12 sheachtain (seimeastair) lena gcuirfear tús le scrúduithe foirmiúla faoi fheitheoireacht sa Gheimhreadh
- Feabhsaítear eispéireas foghlama na mac léinn agus ceadaítear teacht níos solúbtha ar chláir
- Scaipeadh níos cothroime ar ualach oibre na mac léinn
- Leagtar síos bunchloch do nuachóiriú breise, ina measc carnadh creidiúintí

## COC ar líne

I rith 2013–14 seoladh tacar clár COC ar líne. Tugann COC ar líne le chéile cláir COC a sheachadtar ar líne ina gcláir foghlama cumaisc, cláir a oireann go háirithe do dhaoine gairmiúla gnóthacha, daoine nach acmhainn ná nach inmhe dóibh teacht chun an champais gach lá. Ar an tslí chéanna, tugann an córas seachadta seo deis do mhic léinn idirnáisiúnta agus eachtracha scoth an teagaisc dhigitigh agus oideolaíoch de chuid na gcoláistí, na scoileanna agus na rann a bhlaiseadh.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22









# Teagasc agus Foghlaim

I mí an Mheithimh 2014, ceapad an tOllamh John O'Halloran ina Leas-Uachtarán um Theagasc agus Foghlaim, an chéad phost lánaimseartha den chineál sin i COC. Ba Cheann na Scoile Eolaíochta Bitheolaíochta, Timpeallachta agus Domhanda (BEES) roimhe sin é John agus bhí sé ina Leas-Cheann ar Choláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na nEolaíochtaí Bia idir 2006 agus 2010.

## Ionad Bairre

Seachadann Ionad Bairre roinnt dámhachtainí, arna gcreidiúnú ag Ollscoil na hÉireann, a bhronntar ar bhaill na foirne teagaisc san ardoideachas. Sa bhliain 2013/14, ghnóthaigh 81 ball foirne de chuid COC dámhachtain. Bhain 52 ball foirne amach Teastas Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim san Ardoideachas; bhain 25 ball foirne amach an Dioplóma Iarchéime sa Teagasc agus san Fhoghlaim san Ardoideachas; agus bronnadh Máistreacht sa Teagasc agus san Fhoghlaim san Ardoideachas ar 4 bhall foirne. Fágann sin go bhfuil cáilíocht chreidiúnaithe sa teagasc ar an tríú leibhéal ag breis is 600 ball d'fhoireann COC. Reáchtálann Ionad Bairre modúil chreidiúnaithe, leis, do mhic léinn a bhíonn ag teagasc agus ag teagascóireachta, agus thug breis is 60 mac léinn ceann den dá mhodúl sin chun críche.

## An Fhoghlaim ar Líne

Sa bhliain 2013/14, lean COC ar aghaidh ag forbairt sholáthar na gcúrsaí ar líne agus cumaisc. Seoladh ceithre chlár le tacaíocht Oifig an Leas-Uachtaráin m Theagasc agus Foghlaim i mí Mheán Fómhair 2013: *MBS in Co-operative and Social Enterprise* (leagan nuashonraithe den chéad chúrsa foghlama comhfhreagrais/ar líne san ollscoile), *MCh in Surgical Science*, *MSc in Gerontological Nursing* agus *MEng in Marine Renewable Energy*. Roghnaíodh ocht gcláir chéime máistreachta eile i gcomhair tacaíochta don dearadh teagascach i mí na Samhna 2013. D'fhonn tacú leis na hiarrachtaí leanúnacha seo, earcaíodh beirt dearthóirí teagascacha agus thosaigh siad ag obair i mí Eanáir 2014. Tá eolas breise ar 'COC ar Líne' le fáil ar: **www.ucc.ie/en/online/**



CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22












## Oideachas Aosach agus Leanúnach

Sa bhliain 2013–14 tháinig méadú mór ar sciar COC den chlár Springboard a mhaoiníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas, arna chomhordú ag ACE. Fuarthas maoiniú de bhreis is €500,000 a chlúdaigh 165 áit ar 9 gcúrsa. Ba í COC a chuir tús le rannpháirtíocht tionscail, a glacadh san áireamh sa chlár Springboard mar shárchleachtas ina dhiaidh sin.

Rinne an Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ghairme (IOSH) agus an Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt (CIPD) athchreidiúnú ar ACU i dtaca le cúrsaí gairme a sheachadadh.

Sheol ACE teastas nua, *Certificate in Mental Health in the Community*, arb é atá ann cúrsa pobalbhunaithe a cuireadh le chéile i gcomhar le Meabhairshláinte Éireann. Ba é an *Diploma in Environmental Science and Social Policy* is mó a mheall lucht féachana ar fud na hOllscoile in 2013–14; sheachad sé 4,500 nóiméad d'am féachana. Reáchtáil ACE Teastas sna hEalaíona i gcomhar le Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta den chéad uair riamh in 2013–14. Mic léinn a bhaineann dara hOnóracha amach, bíonn conair dír-rochtana agus díolúine ábhair acu ar bhonn iomaíoch sa chéim CK101 sna hEalaíona i COC. Reáchtáladh Scoil Samhraidh Bhliantúil Ghinealaigh 'Ancestral Connections' ag tús agus ag deireadh na bliana acadúla seo; cuireadh ar siúl den chéad uair í i samhradh na bliana 2013 agus den dara huair i samhradh na bliana 2014. I mí an Aibreáin, comhordaigh ACE cion COC d'Fhéile Foghlama feadh an tsaoil Chorcaí (a reáchtálann 400 imeacht) lena shraith léachtaí Saor-Ollscoile a raibh an-tóir uirthi.

## Clár Quercus na Mac Léinn Tréitheach

Seoladh Clár Quercus na Mac Léinn Tréitheach sa bhliain 2013, agus glacadh isteach na chéad mhic léinn i mí Mheán Fómhair 2014. Is é aidhm an chláir barr feabhais a chothú san acadúlacht, sa spórt, sna healaíona cruthaitheacha agus sna taibh-ealaíona, sa tsaoránacht ghníomhach agus sa nuálaíocht/san fhiontraíocht do mhic léinn reatha agus ionchais COC. Is féidir eolas breise ar an gclár a fháil ar **www.ucc.ie/en/quercus/about/**

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21


BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22
















# Saol na Mac Léinn agus Eispéireas na Mac Léinn

Ceapadh an Dr Ian Pickup ina Cheann ar Eispéireas na Mac Léinn, COC i mí na Bealtaine 2013.

Mar chuid d'athbhreithniú feabhais an Oifig um Eispéireas na Mac Léinn (SEO) cuireadh an ráiteas misin seo a leanas le chéile:

'*éascaíocht d'eispéireas den chéadscoth ar chaighdeán domhanda a chur ar fáil do mhic léinn lena dtabharfar an chumhacht agus an tacaíocht do mhic léinn uile COC a gcuid spriocanna a bhaint amach.*'

'*Cur chuige iomlánaíoch atá againn, lena bhfuil forbairt phearsanta agus ghairmiúil na mac léinn le linn a dturais ollscoile i gcroílár an chuir chuige sin.*'

Sonraíodh roinnt tograí téamacha a fheabhsóidh eispéireas na mac léinn i COC. Tá roinnt seirbhísí do mhic léinn ag teacht le ceann amháin de na gníomhaíochtaí sin cheana féin, agus tá baint ag cinn eile le níos mó á réimse amháin.

Is iad na téamaí atá againn:

- Cur le For-rochtain agus le hAistriú chuig an Ollscoil
- Tacú le mic léinn a choinneáil, lena gconair tríd an ollscoil agus lena rathúlacht;
- Tacú le Sláinte agus le Folláine na Mac Léinn
- Éascaíocht a dhéanamh don rannpháirtíocht i saol na mac léinn
- Tacú leis an aistriú chuig saol na hoibre agus chuig staidéar breise.

## Lárionad na Mac Léinn

Tá an Oifig um Eispéireas na Mac Léinn ag tabhairt faoi thogra mór ollscoile chun Lárionad do mhic léinn a dhearadh agus a thógáil ina reáchtálfar gníomhaíochtaí, seirbhísí agus tograí faoi na téamaí sin thuas. Tá cúig limistéar nasctha á n-úsáid mar bhonn don dearadh, mar seo a leanas: An Limistéar Fáilte, Foghlaim agus Teagasc, An tIonad Rathúlachta Mac Léinn, an Limistéar Infhostaitheachta agus Limistéar Shaol na Mac Léinn.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20


AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22









# Cur le For-rochtain agus le hAistriú chuig an Ollscoil

## An Oifig Iontrála

I measc na ngníomhaíochtaí earcaíochta bhí dhá lá oscailte a chuir fáilte roimh bhreis is 10,000 mac léinn ionchais ar champas na hOllscoile. Bhí deis ag mic léinn nárbh fhéidir leo cuairt a thabhairt ar an gcampas dul i gcomhairle le baill foirne i seisiúin Ceisteanna & Freagraí ar líne. De bharr na dtionscnamh sin agus tionscnamh eile nach iad, tá an t-éileamh a bhíonn ar chláir fochéime ar fud na ndisciplíní ag méadú bliain i ndiaidh bliana.

Leanann an Oifig Iontrála léi ag leagan béime ar eispéireas mhic léinn na chéad bhliana agus de bharr gníomhaíochtaí sa réimse seo tá ráta coinneála na mac léinn méadaithe; ráta atá 3% níos airde ná an meánráta san earnáil.

## Na Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Chláraigh 1,020 mac léinn leis an tSeirbhísí Tacaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas in 2013/14, ar méadú 9% an figiúr sin ar 2012/13. Thosaigh 183 mac léinn atá faoi mhíchumas ag déanamh staidéir den chéad uair san Ollscoil i rith na bliana, líon a sháraigh an sprioc 5% a leagadh amach i bPlean Straitéiseach Rochtana COC. Ba é 44 duine líon iomlán na mac léinn DARE ar phointí laghdaithe don bhliain 2013/14.

## Mic Léinn Lánfhásta

Glacadh isteach 336 mac léinn lánfhásta fochéime sa bhliain 2013/14, rud a fhágann go bhfuil 1,190 mac léinn lánfhásta fochéime san ollscoil trí chéile. Bhain 90% de chéimithe lánfhásta na bliana 2013/14 céimeanna onóracha amach. Bhain 32% díobh onóracha ghrád 1 amach.

## UCC PLUS+

A bhuí le flaithiúlacht dhaonchairde na hOllscoile, thug an clár UCC PLUS+ sparántachtaí airgid do 596 mac léinn in 2013/14. Tá na sparántachtaí seo fíorthábhachtach d'fhonn a chinntiú go gcoinnímid mic léinn de chúlraí íseal-ioncaim. Tháinig 189 mac léinn de chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch isteach go COC tríd an Scéim HEAR.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22

SIAR AR AGHAIDH











# Éascaíocht a dhéanamh don rannpháirtíocht i saol na mac léinn

## Seirbhís Lóistín COC

Tá 813 spás leapa ar fáil i dtrí ionad Lóistín Champas COC.

## Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Ceapadh Declan Kidney ina Stiúrthóir ar Spórt agus Gníomhaíocht Choirp i mí Mheán Fómhair 2013.

Tá 60 club spóirt san ollscoil anois a thugann deis do mhic léinn tabhairt faoi spórt agus faoi ghníomhaíocht choirp agus freastalaíon formhór na gclub ar gach leibhéal cumais.

Tugadh roinnt cuairteanna i rith na bliana ar an 'bhfeirm nua' sa Churraichín maidir le dul chun cinn na forbartha mar aon le roinnt cuairteanna suímh chuig forais tríú leibhéil eile i rith na bliana.

Tugadh isteach an Scoláireacht Iontrála Spóirt do Lúthchleasaithe Ardchumais (HPAE) le haghaidh daoine a mbaineann ardchumais leo i gcúrsaí spóirt. Bronnadh HPAE ar sheisear mac léinn, a bhaineann le cúig spórt dhifriúla, don bhliain 2013/14.

Bronnadh Gradaim Bhliantúla Réaltaí Spóirt 2013/14 ar na mic léinn seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Phil Healy** | Lúthchleasaíocht |
| **Adrian O'Sullivan** | Cispheil |
| **Paul Geaney** | Peil Ghaelach |
| **Conor Dorman** | Peil Ghaelach |
| **Aine Curran** | Haca |
| **Conor Lehane** | Iománaíocht |
| **Seamus Harnedy** | Iománaíocht |
| **Abigail Cronin** | Tréantógáil Meáchan |
| **Paul Dernham** | Rugbaí |
| **Josh O'Shea** | Sacar |
| **Emma Cassidy** | Snámh |



Halla na Laochra: **Dr Eanna Falvey**

Gradam Gaisce Kieran Dowd: **John MacCarthy**, Uachtarán, Club Sacair COC.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 3 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 4 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 5 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 7 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 13 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 17 |
| TOGRAÍ CAIPITIÚLA | 18 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 20 |
| AIRGEADAS | 21 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 | 22 |




## Cumainn na Mac Léinn

Tá 103 cumann faoi stiúir mac léinn i COC a fhreastalaíonn ar raon mór spéiseanna i measc phobal na mac léinn. Toghadh 760 mac léinn do phoist choiste cumainn sa bhliain 2013/14. Bailíodh breis is €174,000 do charthanachtaí i rith na tréimhse sin. Lean Cumainn COC ar aghaidh lena gcuid oibre le cláir for-rochtana d'fhonn cur le heispéireas an mhórphobail trí rannpháirtíocht i gcláir, ina measc: meantóireacht scoile, litearthacht an Lucht Siúil, díospóireacht scoile, CoderDojo agus clubanna oibre baile.

Sheol Cumainn COC a bPlean Straitéiseach 2014–2017

**Nasc chuig an bPlean Straitéiseach**




## Amharclann na Gráinsí

Chomhléirigh Amharclann na Gráinsí breis is 40 imeacht poiblí in 2013/14. D'fhreastail 4,000 mac léinn, ball foirne agus ball an phobail i gcoitinne ar léiriúcháin san amharclann. Ghlac 200 mac léinn páirt i ngníomhaíochtaí agus iad ina n-oirfidigh, ina léiritheoirí, ina scríbhneoirí agus i réimsí an léiriúcháin agus na teicniúlachta agus in oifig na dticéad.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22








# Tacú le Sláinte agus le Folláine na Mac Léinn

Bronnadh Bratach Ómrach ar Chomhaltas na Mac Léinn COC i gcomhar le clubanna, cumainn, baill foirne agus mic léinn UCC, as ucht an fheabhais i gcothú meabhairshláinte a bhaint amach le *Suicide Aware*. De réir an ghradaim, a bronnadh mar chuid de thionscnamh na hOllscoile Cothaithe Sláinte, níor mhór go reáchtálfaí ceithre imeacht nó thionscnamh folláine meabhairshláinte i COC i rith na bliana mar aon le caint ar an meabhairshláinte le *Suicide Aware*.

## Sláinte na Mac Léinn

Ba é an roinn um Shláinte na Mac Léinn a stiúraigh tionscnamh *Health Matters* COC d'fhonn a bheith ina hOllscoil Chothaithe Sláinte faoi 2015. Stiúraigh an roinn, leis sin, cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Gnímh Alcóil COC agus chinntigh sí gur ghlac an Ollscoil leis an mBeartas agus Nósanna Imeacht d'fhonn Inmhe Mac Léinn a Mheas i leith Leanúint dá Staidéar.

## Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn

I rith na bliana 2013–14 tháinig méadú ar líon na mac léinn a lorg comhairleoireacht aonair. Bhain 1,081 mac léinn leas as an tseirbhís, agus reáchtáladh 5,076 coinne. Bhí 285 Ceannaire Piar-Thacaíochta ar fáil do mhic léinn an chéad bhliana.

## An tSéiplíneacht

Chuir an tSéiplíneacht tacaíocht ar fáil do ghrúpaí méala agus Aware agus reáchtáladh oiliúint san Aireachas (d'fhonn strus a mhaolú) ar an gcampas. Reáchtáil an tSéiplíneacht imeachtaí reiligiúnacha agus sóisialta araon.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22






# Tacú leis an aistriú chuig saol na hoibre agus chuig staidéar breise.

## Seirbhísí Gairmeacha

Is iad príomhthorthaí an tsuirbhé in 2013 ar cheann scríbe chéimithe COC:

- bhí 90% de chéimithe uile COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise. Ach a bhféachtar ar fhochéimithe agus ar iarchéimithe:
- tá 93% díobh siúd a bhain céim Leibhéal 8 amach i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- tá 84% díobh siúd a bhain ardchéim nó ard-dioplóma (Leibhéal 9 agus 10) amach i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- tá 92% de na céimithe uile i mbun fostaíochta in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe;
- Tá líon na gcéimithe ar Leibhéal 8 atá ar thóir fostaíochta tite faoi bhun 5%, arb é sin an ráta is ísle ó 2007 i leith. Tá líon na gcéimithe ar Leibhéal 9 agus 10 atá ar thóir fostaíochta fós ar 12%, mar atá le roinnt blianta anuas.



CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22










# Taighde agus Nuálaíocht

Is ollscoil í Coláiste na hOllscoile Corcaigh atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, a bhfuil fócas domhanda aici agus atá faoi stiúir an taighde. Is í an chéad ollscoil in Éirinn í a bhfuil cúig réalta aici agus aitheantas idirnáisiúnta aici dá taighde i réimsí na heolaíochta, an bhia, na hinnealtóireachta, an leighis, an dlí, an ghnó, na n-eolaíochtaí sóisialta agus an tsruithléinn. Tá an foras i measc an 2% is airde cáil d'ollscoileanna ar fud an domhain de bhun a haschuir thaighde agus na dtáscairí piarmheasa.

Ach a bhféachtar ar 2013-14, tá cuma mhaith i gcónaí ar phríomhtháscairí na feidhmíochta taighde. Tá COC fós ar cheann de na hollscoileanna is fearr maoiniú taighde in Éirinn agus, in ainneoin cúrsaí geilleagair a bheith go dona go fóill, rinneadh nach mór €84 milliún a infheistiú i dtaighde, ar méadú é sin ar €5.5 milliún (7%) na bliana roimhe sin (Fíor 1).

Gineadh 30% (€25.1 milliún) den ioncam taighde in 2013/14 ó fhoinsí eile seachas an Stárchiste, rud a léiríonn an brú atá ar mhaoiniú an rialtais. Is ionann é sin agus méadú 3% ar an mbliain roimhe sin, agus ba é ba mhó ba chúis leis sin méadú 11% ar an maoiniú ó chláir an AE (go €13.3 milliún) agus méadú 30% ar an maoiniú ó fhoinsí tionscail (go €6.2 milliún). Le cúig bliana anuas, tháinig méadú 118% agus 84%, faoi seach, ar mhaoiniú taighde ó chláir mhaoinithe an AE agus ó earnáil na tionsclaíochta.




**Fíor 1:** Ioncam Iomlán Taighde (Caiteachas): Próifíl 5 bliana (€/milliún)

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22













## Aschuir Thaighde

Ach a ndéantar scrúdú ar cheann de na príomh-aschuir thaighde a gineadh ó ghníomhaíocht taighde COC, is é sin foilseacháin taighde phiarmheasta, feictear fás suntasach le 10 mbliana anuas. Maidir le líon na bhfoilseachán, líon na luanna sna foilseacháin sin, agus meánlíon na luanna in aghaidh an fhoilseacháin – tomhas caighdeánach ar an tionchar leabharmhéadrach – léiríonn siad go léir treochtaí fáis le blianta beaga anuas (Fíoracha 2(a)-(c)). Tá an fás dearfach sin ag teacht go mór leis an infheistíocht shuntasach i ngníomhaíocht taighde COC sa tréimhse chéanna.

Léiríonn anailís bhreise ar thionchar aschuir foilseacháin taighde COC, ó thaobh rangú ollscoileanna a fhéachann ar fheidhmíocht i rith 2013 agus 2014, an treocht chéanna – méadú suntasach ar thionchar fhoilseacháin COC arna dtomhas de réir a mhinice a luaitear iad.




**Fíor 2:** Anailís ar Fhoilseacháin

**A. Líon na bPáipéar**

**B. Líon na Luanna**

**C. Méanlíon luanna in aghaidh an pháipéir**

Foinse: Thomson Reuters Essential Science Indicators (ESI): Eatraimh Charnacha 5 bliana

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22






## Horizon 2020

Tháinig an 7ú Creatchlár um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta (FP7), creatchlár taighde agus nuálaíochta an AE, chun deiridh in 2013/14. I rith thréimhse an chláir, ghlac COC páirt i mbreis is 1,000 iarratas (mar Chomhordaitheoir nó mar Chomhpháirtí). Bhí rath ar 205 iarratas díobh sin (ráta rathúlachta 21%) agus bhain íostarraingt €74 milliún leo. Cuirtear an leibhéal feidhmíochta sin i gcomparáid le rannpháirtíocht an fhorais in FP6, lena bhfuarthas €30 milliún san iomlán.

Seoladh Horizon 2020 i mí na Nollag 2013 agus cuireadh €80 billiún de mhaoiniú ar fáil, arb é atá ann creatchlár reatha an AE don taighde agus don nuálaíocht. Deis mhór is ea é seo do COC i ngach disciplín taighde. D'fhonn a chinntiú go mbeadh ar chumas COC an leas is mó is féidir a bhaint as, d'aontaigh agus d'fhaomh an ollscoil sprioc €110.3 milliún do COC. Dá réir sin chuir Seirbhísí Tacaíochta COC Plean Gnímh Horizon 2020 le chéile a leagann síos straitéis lena mbainfear amach an sprioc sin trí na tacaí reatha taighde a fheabhsú agus trí thacaí nua spriocdhírithe a chur i bhfeidhm.

Príomhchuspóir amháin an phlean gnímh ba ea go mbunófaí aonad nua a chuirfeadh seirbhísí bainistithe tograí ar fáil ag féachaint do thograí arna gcomhordú ar leibhéal AE agus do chláir na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC). Seoladh PrimeUCC i mí na Samhna 2013, arb é atá ann seirbhís bainistithe tograí na hollscoile agus an chéad áis dá leithéid in Éirinn. Go nuige seo, ba mhó an t-éileamh a bhí ar an tseirbhís as measc phobal taighde COC ná mar a rabhthas ag súil leis.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22







## Clár Nuálaíochta

Lean COC uirthi sa bhliain 2013/14 leis an gclár nuálaíochta, agus le tionchar a imirt ar an ngeilleagar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí aistriú teicneolaíochtaí chuig comhlachtaí seachtracha.

Sa bhliain 2014, bhunaigh an Ollscoil 80 togra nua taighde tionscail ar scálaí difriúla idir Dearbháin Nuálachta €5,000 i gcomhar le fiontair áitiúla; agus cláir chomhoibritheacha ilbhliantúla ilmilliún le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Baineadh amach líon ard ceadúnas teicneolaíochta do thionscadail in 2014, leis. Socraíodh 22 margadh laistigh de 12 mhí, arb ionann é sin agus méadú 29% ar an gcuriarracht a bhí ann roimhe sin - 17 sa bhliain 2011 (Fíor 4).

Bealach suntasach agus tábhachtach chun tionchar eacnamaíoch a sheachadh ó thaighde ollscoile is ea mac-chomhlachtaí campais a bhunú. Le cúig bliana anuas (2014 san áireamh), bunaíodh deich gcomhlacht a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí COC. Sa bhliain 2014 bhunaigh COC dhá mhac-chomhlacht: Magnomics, comhfhiontar le Instituto de Engenharia de Sistemas e Computadores (INESC) sa Phortaingéil, agus Grasp Wearable Technologies, mac-chomhlacht ardteicneolaíochta de chuid Institiúid Náisiúnta Tyndall, arb é an chéad tairiscint mhargaidh a thiocfaidh uaidh bithmheicnic reatha a thomhas.

Is é atá in Ionad Gortha agus Nuálaíochta Gnó GATEWAYUCC ná aonad 21 ionad gnó den chéad scoth, arna chomh-mhaoiniú ag UCC agus ag Fiontraíocht Éireann. I mí na Samhna 2013, bhain an t-ionad clochmhíle 100 post amach i gcomhlachtaí a dtacaíonn Gateway leo. Faoi mhí Mheán Fómhair 2014 bhí 140 duine ag obair le comhlachtaí a dtacaíonn GATEWAYUCC leo, agus iad ag íoc isteach is amach le €10 milliún i dtuarastail agus €3 milliún i gcáin ioncaim gach bliain. Thug an ceathrú cóhort céimithe an Clár Céime Nuálaíochta Gnó IGNITE chun críche in 2013/14. Fágann sé sin gur bunaíodh 40 gnólacht nua-thionscanta faoi stiúir céimithe le linn cheithre bliana an chláir.




**Fíor 3:** Mar a d'éirigh leis an Aistriú Teicneolaíochta

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22









# Idirnáisiúnú

Is é an t-idirnáisiúnú an chloch is mó ar phaidrín na hollscoile agus sinn ag nascadh an réigiúin seo againne leis an gcuid eile den domhan. Tá cuma mhaith ar chúrsaí agus COC ar tí a sprioc a bhaint amach i dtaca le líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú go 17% faoi dheireadh 2017. I rith na bliana acadúla 2013/14, ba mhic léinn ó lasmuigh den AE iad 13.2% de mhic léinn. B'in é an leibhéal ab airde riamh i COC.

Agus sinn ag cur an idirnáisiúnúcháin chun cinn, bhunaigh COC cúig mheitheal réigiúnacha d'fhonn na réigiúin seo a leanas a fhorbairt: Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Laidineach, an tSín, an India, ASEAN. Bunaíodh struchtúir agus creata dlí d'oifigí saothair allamuigh i Nua-Eabhrac, in Shanghai agus sa Deilí Nua.

Iontráil mac léinn ó lasmuigh den AE in 2013/14:

- Fochéime: 154
- Iarchéime: 117
- Ar cuairt: 639
- Erasmus: 570

Lean COC ar aghaidh ag cur raon deiseanna eismhóibíleachta ar fáil dá cuid mac léinn céime; rinne 83 mac léinn staidéar thar lear lasmuigh den AE, agus thapaigh 263 mac léinn an deis seimeastar nó bliain a chaitheamh i dtír eile san AE leis an gclár Erasmus.

I measc éachtaí na bliana seo, bhí:

- Fostaíodh bainisteoirí oifige thar lear sa tSín, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san India.
- Tugadh aonaid ar leith idirnáisiúnúcháin le chéile faoi aon Oifig Idirnáisiúnta amháin, a thuairiscíonn don Leas-Uachtarán um Chaidreamh Seachtrach.
- Ach a ndearnadh tóraíocht idirnáisiúnta fuarthas Stiúrthóir don Oifig Idirnáisiúnta.
- D'fhaomh aireacht Oideachais na Síne Comhchlár san Eolaíocht Riosca agus Achtúireach, an chéad chomhchlár oifigiúil sa tSín.
- Chuir COC fáilte roimh an gcéad chóhort mac léinn faoin gclár Eolaíocht gan Teorainn, a mhaoiníonn Rialtas na Brasaíle. Chaith 21 mhac léinn an bhliain acadúil 2013/14 san ollscoil agus iad ag déanamh staidéir ar mhodúil san innealtóireacht, san eolaíocht agus sna heolaíochtaí sláinte.
- D'éirigh le hiarratais COC chun páirt a ghlacadh sna cláir Erasmus Mundus Amidila (Meiriceá Laidineach) agus Erasmus+.
- Bronnadh dochtúireacht (Oinigh) ar Dinesh Singh, Leas-Seansailéar Ollscoil Deilí – an ollscoil chuimsitheach is mó cáil san India – i mí an Mheithimh 2014.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22









# Tograí Caipitil

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana 2013/14 le clár caipitil na hollscoile agus luach de bhreis is €100 milliún ag gabháil le tograí gníomhacha.

## Foirgneamh Beaufort

Cuireadh tús i mí na Nollag 2013 leis an obair ar Fhoirgneamh Beaufort, arb fhiú €11.5 milliún é, i Rinn an Scidígh. Is ann a bheidh Áislann Tástála Náisiúnta Aigéin COC mar aon le hoiread agus 125 taighdeoir, ina measc an tIonad Taighde Hiodrálaice agus Muirí (HMRC), an tIonad Muirí Cósta agus Acmhainní (CMRC) agus an Mheitheal Taighde Fuinnimh Inbhuanaithe (SERG). Beidh an togra MarEi a mhaoiníonn SFI lonnaithe i bhfoirgneamh Beaufort chomh maith. Cuid dhílis den IMERC (Meitheal Taighde Muirí agus Fuinnimh na hÉireann) is ea foirgneamh Beaufort, arb é atá ann comhoibriú campais idir COC, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Seirbhísí Cabhlaigh na hÉireann. Chuir an IDA an suíomh ar fáil ach a ndearnadh babhtáil talún le Calafort Chorcaí. Tá máistirphlean ann, leis, le haghaidh fhorbairt champas IMERC amach anseo.

## Foirgneamh an Gheatha Thiar

Cuireadh an chéim dheiridh d'Fhoirgneamh an Gheatha Thiar, arb fhiú €100 milliún trí chéile, amach ar tairisicintí i rith 2013/14. Cuirfear tús leis an obair thógála ar an suíomh ag deireadh 2014 agus tabharfar chun críche ag tús 2016 í. Mar chuid den togra tá saotharlanna taighde eolaíochtaí bitheacha agus áiseanna gaolmhara a mhaoiníonn PRTL15.

## ASSERT agus Áras Eolaíochta Sláinte Brookfield

Cuireadh tús, leis i mbliana, le hobair thógála an togra ASSERT agus Áras Eolaíochta Sláinte Brookfield. Cuirfidh an togra €6 milliún seo saotharlanna ionsamhlúcháin leighis ar fáil d'fhochéimithe, d'iarchéimithe agus d'oiliúint CPD. Tabharfar an togra seo chun críche i bhFómhar na bliana 2015.

## Lárionad na Mac Léinn

Tá pleananna uaillmhianacha ag COC maidir le foirgneamh folamh Windle a fhorbairt agus a mhéadú d'fhonn Lárionad nua Mac Léinn a thógáil. Tabharfaidh ag togra seo seirbhís scaipthe na mac léinn le chéile faoi aon díon amháin in áislann a chuirfidh tacaíocht ar fáil do mhic léinn agus iad ar a gconair trí COC agus ina dhiaidh sin. Beidh spásanna nua nuálacha foghlama ar fáil ann chomh maith. Ceapfar foireann deartha ag deireadh 2014.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3

FORBAIRTÍ ACADÚLA 4

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13

IDIRNÁISIÚNÚ 17

TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18

CORK UNIVERSITY PRESS 20

AIRGEADAS 21

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22






## Páirc Eolaíochta agus Nuálachta Chorcaí

Tá COC ar thús cadhnaíochta san fhorbairt atá beartaithe le haghaidh Pháirc Eolaíochta agus Nuálaochta Chorcaí (CSAIP) sa Churraichín. Cuireann CSAIP deis ar fáil don réigiún fostaíocht eolasbhunaithe a fhorbairt trí thaighde a scaipeadh, trí ghnólachtaí nua-thionscanta ardchumais, trí áiseanna foráis agus trí lándéantúsaíocht saincheirde. Chuir Comhairle Contae Chorcaí máistirphlean creata le chéile don pháirc trí chéile agus ghlac an bord comhairleach leis, bord ar a bhfuil an príomhlucht leasa go léir. Chuir COC Máistirphlean Limistéir le chéile, agus ceapadh foireann deartha don fhoirgneamh tosaigh goir agus nuálaíochta. Cuirfidh an togra deiseanna suntasacha ar fáil maidir le poist a chruthú agus le forbairt gheilleagrach an réigiúin. Tá faoin ollscoil, freisin, Ionad nua Feabhais Spóirt a fhorbairt ar thalamh nuafhaighte sa Churraichín. Ceapfar foireann deartha ag deireadh 2014 chun staidéar indéantachta a chur le chéile. Tabharfaidh an togra deis do COC na háiseanna nua spóirt a fhágáil d'fhonn deis a chur ar fáil d'fhorbairt chéimnithe CSAIP.

## Oifig Lóistín na Mac Léinn

Tá an ollscoil meáite ar lóistín breise saindeartha do mhic léinn a thógáil in áit dea-shuite. Táimid ar thóir deiseanna forbartha/ceannacháin i gcónaí. Chuireamar críoch le huasghrádú €3 milliún ar Lóiste Victoria in 2014.

## Droichead ar Inse Perrott

Fuarthas faomhadh pleanála do dhroichead nua do choisithe ar Inse Perrott mar chuid de phlean timpeallachta na hollscoile, a bhfuil maoiniú príobháideach aige. Meastar go dtosóidh an tógáil in 2015.

## Clár Bliantúil Cothabhála

Tá gá le clár bliantúil fadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí cothabhála na seanfhoirgneamh ar eastát na hollscoile. Leanfaimid ar aghaidh ar thóir maoiniúcháin a bhfuil géarghá leis don chlár seo. D'éirigh linn chomh maith tacaíocht a aimsiú do roinnt tograí feabhúcháin fuinnimh trí scéimeanna SEAI um Ionaid Oibre Níos Fearr Fuinnimh. Tá cuma mhaith ar chúrsaí maidir le sprioc na Seirbhíse Poiblí i dtaca le Laghdú Fuinimh 33% a bhaint amach san ollscoil faoi 2020. Moladh an córas teasa limistéir a athsholáthar faoin gConradh Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) agus cuirfear ar tairsicint in 2014/15 é.

Táthar ag leanúint ar aghaidh, chomh maith, le hoibreacha maolaithe tuilte sna háiteanna sin san ollscoil is mó atá i mbaol de thoradh ar phróiseas Laoi CFRAMS i gcomhar leis na hárachóirí.

Tá tacaíocht Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí do phlean forbartha fisiciúla na hollscoile ríthábhachtach don chlár caipitil. Tá sealúchas talún COC sách beag i gcomparáid le hollscoileanna eile na hÉireann. Cuireann sé sin brú nach beag orainn agus sinn ag iarraidh freastal ar riachtanais forbraíochta na hollscoile san am atá le teacht. Leanann COC ar aghaidh ag obair leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le húdaráis áitiúla d'fhonn a chinntiú go mbeidh ar chumas na hollscoile freastal ar a riachtanais forbraíochta amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.


CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22

# Cork University Press

Ba iad na trí fhoilseachán ba mhó díol in 2013/14:




## The Irish Hand: Scribes and their Manuscripts from the Earliest Times, le Timothy O'Neill

Eagrán athbhreithnithe agus méadaithe é seo de shaothar a mheastar a bheith ina cheannsaothar ar lámhscríbhinní na nGael. Sa leabhar nua seo tá íomhánna digiteacha ar ardchaighdeán de shaothar na nGaelscríobhaithe i rith na gcéadta bliain. Tugann scéalta iontacha ar theacht slán na lámhscríbhinní léargas ar stair chultúir na hÉireann, ar a teanga, ar a scoláirí agus ar a scríobhaithe. Liostaíodh an leabhar i measc na ndeich leabhar is mó díol in *The Irish Times* in 2014.

## James Barry's Murals at the Royal Society of Arts: Envisioning a New Public Art, le William L. Pressly (University of Maryland)

Is é *James Barry's Murals at the Royal Society of Arts* an chéad leabhar a thugann grinnanailís ar na péintéireachtaí iontacha seo agus an chéad leabhar a léiríonn go raibh cur chuige úrnua á chothú ag an ealaíontóir i leith na healaíne poiblí, chomh fada agus a bhaineann le nuálacht na pátrúnachta agus gné ríphearsanta an ábhair.

## Black Magic and Bogeymen: Fear, Rumour and Popular Belief in the North of Ireland 1972-74, le Richard Jenkins (University of Sheffield)

Anailís atá sa leabhar seo ar imní an phobail maidir leis na dubhealaíona agus an Sátanachas i dTuaisceart Éireann idir 1972 agus 1974. Tugann an leabhar léargas ar thréimhse sách gruama ag tús na 1970idí i dTuaisceart na tíre agus súil á caitheamh ar eachtra mós aisteach – na ráflaí faoi na dubhealaíona – agus sracfhéachaint á tabhairt ar shaol atá curtha dínn anois againn ach a bhfuil spéis ag go leor léitheoirí ann i gcónaí.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 3 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 4 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 5 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 7 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 13 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 17 |
| TOGRAÍ CAIPITIÚLA | 18 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 20 |
| AIRGEADAS | 21 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 | 22 |


SIAR AR AGHAIDH



# Airgeadas

## Forléargas

Lean meathlú an airgeadais phoiblí ar aghaidh agus dá bhrí sin tháinig laghdú eile ar mhaoiniú an Státchiste don ollscoil, rud a d'fhag go ndearnadh laghdú 11% go €46.6 milliún ar mhaoiniú na bliana roimhe sin. Ó 2008 i leith, tháinig laghdú €37 milliún ar an deontas láir.

Leagadh béim níos mó athuair ar mhaoiniú a aimsiú ó fhoinsí eile seachas an Státchiste, go háirithe de bhun mic léinn ó lasmuigh den AE agus mic léinn iarchéime a earcú. In ainneoin gur éirigh linn sna hiarrachtaí sin agus in ainneoin gníomhaíochtaí leanúnacha tráchtála, áfach, bhí easnamh airgid ar an ollscoil in 2014 de bharr scála an laghdaithe ar mhaoiniú an Státchiste agus an tionchair a bhí aige sin ar chúrsaí airgid na hollscoile.

## Forbairt Chaipitil

Cé go ndearnadh laghdú ar an bhforbairt ar chúrsaí teagaisc a mhaoiníonn an Státchiste le blianta beaga anuas mar thoradh ar mheathlú an airgeadais phoiblí, ba iad na tograí sin a raibh tacaíocht acu ón Oifig Taighde, go háirithe PRTLI5, agus iadsan amháin ar cuireadh tús leo in 2014. Ina measc tá forbairt Fhoirgeamh Beaufort mar aon le hoibreacha breise ar Fhoirgneamh an Gheata Thiar agus an togra ASSERT ag Áras Eolaíochta Sláinte Brookfield.

Tá feabhas ag teacht ar easnamh caipitil na hollscoile trí chéile, agus tá an t-easnamh sin laghdaithe go beagán sa bhreis ar €12 milliún faoi dheireadh 2014.

## Taighde

Agus sinn ag tógáil ar éachtaí le blianta beaga anuas, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú arís eile ar leibhéal an ioncaim ó dheontais agus ó chonarthaí taighde. Is fiú an t-ioncam ó thaighde anois agus um 32% d'ioncam uile COC.

Tá an fás suntasach seo ar mhaoiniú taighde ag tarlú i dtimpeallacht atá ag éirí níos iomaíche de réir a chéile agus a bhfuil laghdú tagtha ar an maoiniú náisiúnta atá ar fáil le blianta beaga anuas. D'éirigh go hiontach le COC foinsí an mhaoiniúcháin taighde a aistriú ó mhaoinitheoirí náisiúnta i dtreo an AE agus lucht tionscail.

Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht a chuirtear ar fáil le cláir a mhaoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann; an tÚdarás um Ard-Oideachas lena Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI); Comhairle na hÉireann um Thaighde Eolaíochtaí, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta; an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta; agus gníomhaireachtaí eile Stáit agus idirnáisiúnta.

## An t-am atá romhainn amach

I bhfianaise laghdú a bheith á dhéanamh go leanúnach ar mhaoiniú an Státchiste don ardoideachas, tabharfaidh 2015 ár ndúshlán arís eile. Laghdófar an maoiniú ón Státchiste arís, rud a chuirfidh brú breise ar gach gné de ghníomhaíochtaí na hollscoile agus i ndeireadh na dála ar chaighdeán na seirbhíse a chuirfear ar fáil. Níltear ag dréim le feabhsú ar bith ar chúrsaí airgeadais an náisiúin, ó thaobh mhaoiniú an ardoideachais de go háirithe, go dtí 2017. I ndálaí den chineál sin, caithfidh COC a bheith in ann tionchar na ngéarchéimeanna airgid sin ar chaighdeán na dtairiscintí do mhic léinn a mhaolú.

Leanfaidh COC uirthi ag díriú ar fhoinsí eile maoiniúcháin seachas an Státchiste mar aon le bealaí ailtéarnacha seachadta d'fhonn a chinntiú go gcothóidh an ollscoil dálaí airgeadais a bheidh seasmhach agus inbhuanaithe san am atá romhainn amach.

In ainneoin brú a bheith ar mhaoiniú náisiúnta, tá sé ríthábhachtach, má tá ár gcóras ollscoile le bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta agus más mian linn dlús a chur faoin teacht aniar, go n-aontófaí ar mhúnla oiriúnach, seasmhach, intuartha maoiniúcháin don earnáil ionas go seachnófar aon mheath eile ar chaighdeán ár seirbhísí do mhic léinn.

Ina leith sin, tá súil againn go molfaidh athbhreithniú Cassells ar mhaoiniú an ardoideachais múnla inbhuanaithe maoiniúcháin don earnáil, rud atá ríthábhachtach do rath leanúnach na tíre.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 3
FORBAIRTÍ ACADÚLA 4
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 5
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 7
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 13
IDIRNÁISIÚNÚ 17
TOGRAÍ CAIPITIÚLA 18
CORK UNIVERSITY PRESS 20
AIRGEADAS 21
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2012–15 22









# Baill Údarás na hOllscoile 2012–15

**Príomh-Oifigeach**
An Dr Michael Murphy, Uachtarán

**Cathaoirleach**
An Breitheamh Bryan M.E. McMahon

**Oifigigh Shinsearacha**
An tOllamh Paul Giller, An Cláraitheoir

**Ollúna/Ollúna Comhlacha**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh Fiona Gibbon
An tOllamh Louise Kenny
An tOllamh John O'Halloran
An tOllamh Fred Powell

**An Fhoireann Acadúil**
Michael Delargey
An Dr Barbara Doyle Prestwich
An Dr Denis Kelliher
An Dr Piaras Mac Éinrí
An Dr Marian McCarthy

**An Fhoireann Ghairmiúil**
Gary Hurley
Kate O'Brien
Rose Mary Walsh

**Mic Léinn**
Padraig Haughney, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Annie Hoey, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime**
David McCarthy, Oifigeach na nIarchéimithe, Aontas na Mac Léinn

**Baill a ainmníonn Eagraíochtaí Seachtracha**
Folamh (IBEC)
John Mullins (Cumann Gnó Chorcaí)
John O'Callaghan (Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí)
Julie O'Neill (PharmaChemical Ireland)

**Baill a ainmníonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta**
An tOllamh Douwe Breimer
Alan Crosbie
An Dr Bertie Daly
Ann Fitzgerald

**Céimithe**
Owen Joseph Dinneen
David O'Brien
Linda O'Shea Farren

**Ard-Mhéara Chorcaí**
An Clr Catherine Clancy

**Ard-Mhéara Phort Láirge**
An Clr John Cummins

**Baill a ainmníonn Ollscoil na hÉireann**
Nuala O'Connor
Dermot O'Mahoney

**Baill a ainmníonn Comhairlí na gContaetha Riaracháin:**
Corcaigh: An Clr Michael Hegarty
Port Láirge: An Clr Mary Greene
Ciarraí: An Clr Jim Finucane
Luimneach: An Clr Mary Jackman
Comh-Chomhairlí Contae Thiobraid Árann: An Clr Michael Fitzgerald